# Dhá scéal dhearfacha faoin nGaeilge

## Leibhéal B1

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi dhá dhea-scéal a bhaineann leis an nGaeilge. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin, le linn na cainte.

**Scéal 1: An scannán *Kneecap***

1. Ar chuala tú aon scéal faoin scannán *Kneecap*?
2. Cad atá ar eolas agat faoin ngrúpa rapcheoil *Kneecap*? Cuardaigh eolas faoin ngrúpa ar Vicipéid.
3. An bhfuil aon chur amach agat ar an bhféile scannán *Sundance*?
4. An bhfaca tú scannán i nGaeilge riamh? Cad a bhí ann?




| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| cáiliúil … | *groundbreaking, hashtag …* |

**Scéal 2: #TrasnanadTonnta**

1. Ar chuala tú aon scéal faoi *#TrasnanadTonnta*?
2. Cad is brí le ‘trasna na dtonnta’?
3. An bhfuil cuntas X, Facebook, TikTok nó/agus Instagram agat?

   Cé acu de na fóraim sin is fearr leat?
4. An scríobhann tú postálacha i nGaeilge go minic?

# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| clúiteach, iomráiteach | *a body of work, oeuvre* |
| ceannródaíoch | *funders* |
| príomhpháirteanna | *mindfulness session* |
| saothar | *campaign* |
| scáileán | *famous* |
| lucht maoinithe | *hashtag* |
| éacht | *main parts* |
| léiritheoirí | *screen* |
| feachtas | *achievement* |
| haischlib | *producers* |
| seisiún aireachais | *groundbreaking, original* |

2. Cad is brí le **comhléiritheoirí** dar leat?

3. Cad is brí leis na focail – **tionscal**, **tionscnamh**, **tionscadal** agus **togra**? Cuardaigh na focail sin ar www.teanglann.ie ar dtús agus ansin téigh go dtí www.foclóir.ie. Cad a thugann tú faoi deara?

4. An féidir leat an frása ‘a chur chun cinn’ a chur in abairt lena bhrí a léiriú?



## C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus líon na bearnaí sna habairtí thíos tar éis na chéad fhéachana. Bain úsáid as na focail Ghaeilge a phléigh tú faoi Foclóir.

   - Deir duine de na _____ gur _____ é scéal *Kneecap* do thionscal na scannán in Éirinn, thuaidh agus theas.
   - Tá _____ ag baill an ghrúpa féin sa _____.
   - Bhí _____ Thuaisceart Éireann agus TG4 i measc _____ an scannáin.
   - Beidh _____ mar chuid de na himeachtaí atá eagraithe ag **#TrasnanadTonnta**.
   - Is _____ é **#TrasnanadTonnta** chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar líne.
   - Beidh an fhéile _____, _____* *Sundance* ar siúl an mhí seo chugainn. (beidh séimhiú ar cheann amháin de na haidiachtaí sin)
   - Is banna rapcheoil _____ Gaeilge é *Kneecap*.
   - Is é _____ an Ghaeilge atá ar #.

2. Féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna thíos.

   a) Cad é téama an scannáin *Kneecap*?

   b) Cén fáth a bhfuil an scannán sin sa nuacht anois?

   c) Cé hiad léiritheoirí an scannáin?

   d) Luadh cúpla grúpa a mhaoinigh an scannán sa mhír. Cé hiad?

   e) Cén áit ar seoladh an tionscadal *Trasna na dTonnta*?

   f) Cé mhéad cainteoir agus foghlaimeoir Gaeilge a bheidh páirteach san fheachtas?

   g) Conas is féidir leat féin a bheith páirteach san fheachtas?

   h) Cad iad na himeachtaí a bheidh mar chuid den fheachtas?

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an modh ordaitheach)

a) Féach ar na horduithe thíos. Cad is brí leo agus cad é an difríocht idir colún A agus colún B? Cad is féidir leat a rá faoi dheirí na mbriathra?

| **Colún A** | | **Colún B** | |
|---|---|---|---|
| Úsáidigí | Ná húsáidigí | Aimsígí | Ná haimsígí |
| Déanaigí | Ná déanaigí | Ceannaígí | Ná ceannaígí |

b) Caithfidh tú a bheith cúramach agus tú ag tabhairt orduithe sa Ghaeilge. Tá na samplaí thuas borb go leor. Bain úsáid as na briathra thuas chun garanna a iarraidh ar dhuine ar bhealach níos béasaí. Féach ar an sampla:

Ar mhiste leat / an bhféadfá an obair bhaile a dhéanamh? (déan – a dhéanamh)

c) Iarr ar an duine in aice leat cúig ghar a dhéanamh duit. Bí béasach!

## 2: Cruinneas gramadaí (an nasc idir briathra agus ainmfhocail)

a) Féach ar na focail i gcló trom ón mír. Cad é an t-ainmfhocal agus cad é an briathar?

*Fine Point Films* agus *Mother Tongues* a **léirigh** an scannán.
Éacht amach is amach, a deir duine de na **léiritheoirí**.

b) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na briathra thíos. Cad a thugtar ar na daoine a dhéanann gach ceann de na gníomhartha sin? Féachaigí ar na samplaí:

| Briathra | Ainmfhocail |
|---|---|
| léirigh<br>múin<br>foghlaim<br>léigh<br>seinn<br>caint<br>aistrigh | léiritheoir / léiritheoirí |

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag tabhairt faoi dhá rólghníomhaíocht. Tabharfaidh an teagascóir na cártaí cuí daoibh. Beidh oraibh ceisteanna a chur ar a chéile san aimsir fháistineach chun eolas faoi imeachtaí a aimsiú.

Rólghníomhaíocht 1

**Duine A**: Beidh tú ag glacadh páirt san fheachtas *Trasna na dTonnta*. Tá an t-eolas a bhaineann leis an tionscadal sin ar do chárta. Beidh an duine in aice leat ag cur ceisteanna ort faoi.

**Duine B**: Beidh do chara ag glacadh páirt san fheachtas *Trasna na dTonnta* agus ba mhaith leat eolas a fháil faoin ócáid. Líon na bearnaí ar do chárta féin trí cheisteanna a chur ar an duine in aice leat.

Rólghníomhaíocht 2

**Duine A**: Beidh tú ag freastal ar an imeacht *Lón ar an bhFón*. Tá an t-eolas a bhaineann leis an imeacht sin ar do chárta. Beidh an duine in aice leat ag cur ceisteanna ort faoi.

**Duine B**: Beidh do chara ag freastal ar an imeacht *Lón ar an bhFón* agus ba mhaith leat eolas a fháil faoin imeacht. Líon na bearnaí ar do chárta féin trí cheisteanna a chur ar an duine in aice leat.

## 2: Scríobh

Roghnaigh *Trasna na dTonnta* nó *Lón ar an bhFón* agus samhlaigh go mbeidh tú ag freastal ar an imeacht sin. Scríobh postáil ghearr do na meáin shóisialta faoin ócáid atá le teacht. Is leor cúig abairt nó mar sin.

# AN SCRIPT

**Scéal 1**
**Eimear Ní Chonaola**
Anois taispeánfar scannán Gaeilge den chéad uair riamh ag féile iomráiteach scannán *Sundance* i Meiriceá an chéad mhí eile. Scannán dar teideal *Kneecap*, faoin mbanna rapcheoil ceannródaíoch Gaeilge, agus an bealach a dtáinig[1] siad le chéile an chéad lá riamh, ábhar an scannáin.

Is ag féile chlúiteach *Sundance* a bheas[2] an *première* domhanda ag an scannán agus tá príomhpháirteanna ag baill an ghrúpa féin sa saothar. *Fine Point Films* agus *Mother Tongues Films* a léirigh an scannán, in éindí le *Wildcard* mar chomhléiritheoirí. Bhí Scáileán Thuaisceart Éireann agus TG4 i measc lucht maoinithe an scannáin. Éacht amach is amach don tionscal scannán, thuaidh agus theas, atá sa scéala seo, a deir duine de léiritheoirí an scannáin, tráthnóna.

**Scéal 2**
**Siún Nic Gearailt**
Fáilte romhaibh thar n-ais. Cuireadh tús leis an bhfeachtas *Trasna na dTonnta* inniu. Tionscnamh is ea é seo go bhfuil sé d'aidhm aige an Ghaolainn[3] a chur chun cinn ar na meáin shóisialta ar fud an domhain. Seoladh an togra i nGaelscoil Lios na nÓg i Raghnallach ar maidin agus beidh sé ar siúl go Dé hAoine. Tá deich milliún cainteoir agus foghlaimeoir Gaolainne – ar gach leibhéal cumais – tar éis a bheith páirteach sa bhfeachtas[4] go dtí seo. Is féidir leatsa a bheith páirteach trí theachtaireacht i nGaolainn a chur ar X, Facebook, TikTok nó Instagram agus úsáid a bhaint as an haischlib **#TrasnanadTonnta**.

**Zara Ní Chionnaith, #TrasnanadTonnta**
Beidh neart imeachtaí ar siúl le linn na seachtaine. Beidh ciorcal comhrá – bunleibhéal, meánleibhéal, ardleibhéal; beidh seisiún ióga as Gaeilge; beidh seisiún aireachais agus beidh seisiún ceoil thraidisiúnta. Agus is féidir tuilleadh eolais a fháil mar gheall ar na himeachtaí sin ar www.trasnanadtonnta.ie. *So*, bígí linn, úsáidigí bhur gcúpla focal agus ná déanaigí dearmad úsáid a bhaint as an haischlib #TrasnanadTonnta.

[1] 'a dtáinig' = ar tháinig
[2] 'a bheas' = a bheidh
[3] An Ghaolainn = leagan canúnach i gcanúint na Mumhan de 'An Ghaeilge'
[4] 'sa bhfeachtas' = leagan canúnach de 'san fheachtas'.

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh sa tábla *stór focal* de na focail atá acu cheana féin – ach níos tábhachtaí fós – de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin. Seo thíos dhá nasc do dhá amhrán de chuid *Kneecap*. Tá an teanga agus na téamaí gáirsiúil go leor agus b'fhearr, b'fhéidir, gan na hamhráin a chur ar siúl sa rang.

https://www.youtube.com/watch?v=h1J_DVutL-w&list=RDEMTu6EDGMaINvWpNEULidhiA&index=6

https://www.youtube.com/watch?v=KSnF7RaeoXE

### B: FOCLÓIR

1.

| | |
|---|---|
| clúiteach, iomráiteach | *famous* |
| ceannródaíoch | *groundbreaking, original* |
| príomhpháirteanna | *main parts* |
| saothar | *a body of work, oeuvre* |
| scáileán | *screen* |
| lucht maoinithe | *funders* |
| éacht | *achievement* |
| léiritheoirí | *producers* |
| feachtas | *campaign* |
| haischlib | *hashtag* |
| seisiún aireachais | *mindfulness session* |

2. *Coproducers*.
3. Is féidir a rá go gciallaíonn **tionscal** *industry*; **tionscadal** *project*; **togra** *proposal;* agus **tionscnamh** *initiative*. Mar atá le feiceáil sna foclóirí, tá go leor bríonna ag na focail **tionscnamh** agus **togra** ach is iad *initiative* agus *proposal*, faoi seach, na samplaí is coitianta ar www.gaois.ie. Sa chaint, áfach, is minic a úsáidtear an focal **tionscnamh** le haghaidh *project*.

4. Bunaíodh an feachtas, #*Trasna na dTonnta*, chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud an domhain.

## C: TUISCINT

1. Féach:
   - Deir duine de na **léiritheoirí** gur **éacht** é scéal *Kneecap* do thionscal na scannán in Éirinn thuaidh agus theas.
   - Tá **príomhpháirteanna** ag baill an ghrúpa féin sa **saothar**.
   - Bhí **Scáileán** Thuaisceart Éireann agus TG4 i measc **lucht maoinithe** an scannáin.
   - Beidh **seisiún aireachais** mar chuid de na himeachtaí atá eagraithe ag **#TrasnanadTonnta**.
   - Is **feachtas** é **#TrasnanadTonnta** chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar líne.
   - Beidh an fhéile **chlúiteach**, **iomráiteach** *Sundance* ar siúl an mhí seo chugainn.
   - Is banna rapcheoil **ceannródaíoch** Gaeilge é *Kneecap*.
   - Is é **haischlib** an Ghaeilge atá ar #.

2. Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an modh ordaitheach)

a) Féach:

b)

| Colún A | Colún B |
|---|---|
| - Tá na briathra seo sa chéad réimniú.<br>- Is iad **-aigí** nó **-igí** deirí na mbriathra sa chéad réimniú, ag brath ar an riail ‘caol le caol agus leathan le leathan’.<br>- Leanann ‘h’ **ná** má thosaíonn an briathar ina dhiaidh ar ghuta.<br><br>Úsáidigí Ná húsáidigí<br>Déanaigí Ná déanaigí | - Tá na briathra seo sa dara réimniú.<br>- Is iad **-aígí** nó **-ígí** deirí na mbriathra sa dara réimniú, ag brath ar an riail ‘caol le caol agus leathan le leathan’.<br>- Leanann ‘h’ **ná** má thosaíonn an briathar ina dhiaidh ar ghuta.<br><br>Aimsígí Ná haimsígí<br>Ceannaígí Ná ceannaígí |

c) Féach:

Ar mhiste leat / an bhféadfá an peann dubh a úsáid?
Ar mhiste leat / an bhféadfá an freagra cuí a aimsiú?
Ar mhiste leat / an bhféadfá cupán caife a cheannach dom, le do thoil?

d) Mar shampla:

Ar mhiste leat / an bhféadfá an doras a dhúnadh?
Ar mhiste leat / an bhféadfá an fhuinneog a oscailt?
Ar mhiste leat / an bhféadfá an leabhar sin a thabhairt dom?

### 2: Cruinneas gramadaí (an nasc idir briathra agus ainmfhocail)

a) Léirigh = briathar; léiritheoirí = ainmfhocal, iolra.

b) Féach:

| Briathra | Ainmfhocail |
|---|---|
| léirigh | léiritheoir / léiritheoirí |
| múin | múinteoir / múinteoirí |
| foghlaim | foghlaimeoir / foghlaimeoirí |
| léigh | léitheoir / léitheoirí |
| seinn | seinnteoir / seinnteoirí |
| caint | cainteoir / cainteoirí |
| aistrigh | aistritheoir / aistritheoirí |

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Tá na cártaí do dhuine A agus do dhuine B le fáil (agus le gearradh amach roimh an rang) ag deireadh na nótaí seo. Mínigh dóibh go bhfuil na rólghníomhaíochtaí seo bunaithe ar chuid B de scrúduithe cainte TEG.

Rólghníomhaíocht 1:

Tabhair cárta A do dhuine A, agus cárta B do dhuine B. Abair leo gan na cártaí a thaispeáint dá chéile. Caithfidh duine B ceisteanna a chur ar dhuine A chun an t-eolas ar fad a fháil agus na bearnaí ar an gcárta a líonadh. Abair leo go gcaithfidh siad úsáid a bhaint as an aimsir fháistineach. Seo thíos an comhrá samplach. Scríobh tús na gceisteanna ar an gclár (sin na focail a bhfuil líne fúthu thíos) má cheapann tú go mbeadh sé ina chuidiú.

B: Cad atá i gceist le **Trasna na dTonnta**? / Cad é **'Trasna na dTonnta'**?
A: Is feachtas é chun an Ghaeilge a chur chun cinn.
B: Cén áit a mbeidh sé ar siúl? / **Cá** mbeidh sé ar siúl?
A: Ar line ar fud an domhain.
B: Cathain a bheidh sé ar siúl?
A: Idir an ceathrú agus an t-ochtú lá de mhí na Nollag, dhá mhíle fiche a ceathair.
B: Cén costas a bheidh air?
A: Beidh sé saor in aisce.
B: Cad a bheidh ar siúl?
A: Beidh go leor imeachtaí ar siúl – ciorcal comhrá, seisiún aireachais, seisiún ceoil thraidisiúnta.
B: Conas is féidir tuilleadh eolais a fháil?
A: Scríobh ríomhphost chuig tnadtonnta@gmail.com.

Rólghníomhaíocht 2:

Iarr orthu róil a mhalartú sa dóigh is nach mbeidh an duine céanna ag cur na gceisteanna. Tabhair cárta A do dhuine A, agus cárta B do dhuine B. Abair leo gan na cártaí a thaispeáint dá chéile. Caithfidh duine B ceisteanna a chur ar dhuine A chun an t-eolas ar fad a fháil agus na bearnaí ar an gcárta a líonadh. Abair leo go gcaithfidh siad úsáid a bhaint as an aimsir fháistineach. Seo thíos an comhrá samplach. Scríobh tús na gceisteanna ar an gclár (sin na focail a bhfuil líne fúthu thíos) má cheapann tú go mbeadh sé ina chuidiú.

B: Cad atá i gceist le **Lón ar an bhfón**? / Cad é **Lón ar an bhfón**?
A: Is deis í chun cúpla focal Gaeilge a chleachtadh ag am lóin.
B: Cén áit a mbeidh sé ar siúl? / Cá mbeidh sé ar siúl?
A: Ar line le *Zoom*.
B: Cathain a bheidh sé ar siúl?
A: Dé hAoine, an tríú lá de mhí an Mhárta, dhá mhíle, fiche a ceathair
B: Cén t-am a bheidh sé ar siúl?
A: Ag leathuair tar éis a dó dhéag.
B: Cén costas a bheidh air?
A: Beidh sé saor in aisce.

B: Conas is féidir tuilleadh eolais a fháil?
A: Téigh go dtí www.gael-linn.ie.

## 2: Scríobh

Iarr orthu postáil ghearr (san aimsir fháistineach) a scríobh faoi fheachtas **#TrasnanadTonnta** nó faoi **Lón ar an bhfón**. Is leor cúig abairt nó mar sin.

Curtha ar fáil ag
Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad
Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil
le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
TG4

Rólchártaí le gearradh amach:

**Rólghníomhaíocht 1**

| **Duine A**<br>***Trasna na dTonnta***<br>*www.trasnanadtonnta.ie* | **Duine B**<br>***Trasna na dTonnta*** |
|---|---|
| **Cad é?** Feachtas chun an Ghaeilge a chur chun cinn! | **Cad é?** |
| **Áit?** Ar líne ar fud an domhain | **Áit?** |
| **Cathain?** 4ú–8ú Nollaig, 2024 | **Cathain?** |
| **Costas?** Saor in aisce | **Costas an ticéid?** |
| **Imeachtaí?** Ciorcal comhrá, seisiún aireachais, seisiún ceoil thraidisiúnta. | **Imeachtaí?** |
| **Tuilleadh eolais?** Scríobh ríomhphost chuig: *tnadtonnta@gmail.com* | **Tuilleadh eolais?** |

**********

**Rólghníomhaíocht 2**

| **Duine A**<br>***Lón ar an bhfón*** | **Duine B**<br>***Lón ar an bhfón*** |
|---|---|
| **Cad é?** Is deis í seo cúpla focal Gaeilge a chleachtadh ag am lóin. | **Cad é:** |
| **Áit?** Ar líne le Zoom | **Áit?** |
| **Cathain?** Dé hAoine, 3 Márta 2024 | **Cathain?** |
| **Am?** 12.30 pm | **Am?** |
| **Costas?** Saor in aisce | **Costas?** |
| **Tuilleadh eolais?** www.gael-linn.ie | **Tuilleadh eolais?** |